

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T7
Ainm an Agalláí	Cathal Ó Duibhir
Ainm an Agallóra	Dónal Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	16/2/2006
Suíomh an Agallaimh	Carraig an tSeascainn
Ainm an Tras-scríbhneora	Máire Ní Rabhartaigh

(gáire)

(sos)

(--)

Tosach lochtach

` _____ '

Focal dothuigthe

` _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Inniu tá mé ag dul a thógáil traidhfil maith seanachais ó Charlie Diver i gCarraig an tSeascainn agus ba mhaith liom toiseacht a Charlie le *Hall Middletown* ná c'ainm a bheireann siad air a Charlie?

CATHAL: Halla na Machaireacha, Halla na Machaireacha.

DÓNALL: Sé, bhuel inis domh an seanchas a Charlie atá ag dul le sin an dóigh a bunaíodh í agus an talamh ar tógadh í ar.

CATHAL: Bhuel an talamh a tógadh í bhí, bhí na *Hibernians* ag dul blianta fada roimhe sin agus ba ghnách le cruinnithe a bheith acu i dteach thiar ansin i Machaire Chlochaire a raibh Teach Dhimiric, sciobáil Dhimiric Thomáis a bheireadh siad air. Ansin bhí siad ag dul a thógáil halla dena gcuid féin agus bhí siad fá choinne halla thógáilt thiar ag ceann an Chrois Bhealaigh, bhí siad ag fáil suíomh ansin agus ansin bhí siad ag fáil suíomh eile thoir i Stranacorcra ag Clann Uí Easbuig, ach bhí siad ag deanamh go raibh an mhuintir thoir ag deanamh go raibh sí ró-fhada siar agus bhí an mhuintir thiar ag deanamh go raibh sí ró-fhada soir gabháil a bheith i Stranacorcra. Ach an oíche seo ag an chruinniú bhí fear ann, ba as na Gleanntaí é, bhí sé pósta anseo i nGaoth Dobhair agus dúirt seisean go dtabharfadh seisean suíomh daofa. Cuireadh ceist ar cá raibh an suíomh aige agus dúirt, d'inis sé daofa gur thuas ar Mullach na Tullach a bhí an tam sin ar agus dúirt sé go dtabharfadh seisean suíomh ansin daofa. Anois bhí sé pósta ar bhean as Carraig an tSeascainn,

bean a dtabharfadh siad Máire Searlaí Tharlaigh uirthi agus sin an cruth a fuair an bhean an talamh seo agus thug sé giota amach, thuas ag taobh, chóir an bhealaigh mhóir fá choinne an halla a thógáil. Tógadh an halla thart fá creidim naoi, naoi céad, naoi céad déag `s haon na mar sin a tosaíodh uirthi agus tá mé ag deanamh gur oscail sí ar an naoi déag sa ceathar. Bhí cruinnithe, bheadh na cruinnithe ansin agus bheadh damhsaíocha ansin ó sin amach níl a fhios agam, mhothaigh mé daoine ag rá gur tógadh crag mhór airgid an chéad oíche a raibh an chéad damhsa ann. Thiocfadh siad anoir is aniar ó achan áit *cause* ní raibh mórán hallaí damhsa ag dul an tam. Ní raibh a cheann sa phobal seo.

DÓNALL: Ach a Charlie bhí coiste a, a bhunaigh sin agus creidim go bhfuil a fhios agat cuid acu, bhí *Jonnie Breslin* ann nach raibh agus.

CATHAL: Bhí *Jonnie Breslin* ann, Donaí Thuathail, Donaí Coll, Jonnie Thaighd, *Jonnie Coll* as Carraic an tSeascainn, Hughie Eoghain, Hughie Ó Dónaill, (sos) Míchéal Arrais fosta ann. Tá siad thuilleadh acu ann nach bhfuil a fhios, ansin bhí, bhí sin, sin a coiste, sin na *trustees* agus rudaí a bhí uirthi John, John Seáin Eoghain thiar i Machaire Chlochaire fear eile *John Gallagher*. Bhí *trustees* uirthi agus ceisteoir agus *secretary* agus fear a chathaoir uirthi, *chairman* agus bhí cruinnithe ag dul ansin acu go dtí achan, i gceann achan choicís na trí seachtainí. Chruinneodh siad ansin san oíche ná sa, Dé Domhnaigh na bí t'é lá a bhfearr a d'fhóireadh daofa mar oibrithe fir a bhí iontu. Ach nuair a tógadh an halla *voluntary work*, uilig a bhí, obair dheonach uilig a bhí uirthi, mach óna saoirí cloiche fuair siadsan, tá mé ag deanamh díolta, creidim nach raibh sé mór. Ach bhí beirt fhear as Carraic an tSeascainn anseo ag dul suas, ag dul a obair uirthi a bhí siad agus thuas ag barr na *cutannaí* anseo fuair siad cloch ansin, cloch dheas coirneáil agus thóg fear acu ar dhrom an fhear eile í agus rinne siad sealáocht go raibh siad thoir ag an halla. Cuireadh í sin isteach sa *found*, na sa dúshraith, na thíos sna coirneáil creidim. *Jonnie, Jonnie* Pháidaí fear de na fir agus Hughie Húidaí Bhidí, *Hughie Mc Bride* agus *Jonnie Duffy* sin an bheirt fhear a thug an chloch suas. Bhí sí ar chéad de na, chéad clochaí coirneáil a chuir ann.

DÓNALL: Ba daoine na háite iad féin a thóg, a rinne an chuid is mó den tógáil.

CATHAL: O sé, daoine, o thart sa cheantar anseo, rinneadh, mhuintir is mó a thóg, a rinne an tógáil uilig creidim, bhí siad ag obair *you know*, ní raibh siad uilig achan lá ann ach bheadh sealaióchta déanta acu. Dhéanadh siad cúpla lá achan fhear ann i gcuideachta a chéile ag cuidiú leis na, ag déanamh freastail ar na saoirí cloiche.

DÓNALL: Is cá huair ansin, cé mhéad acra anois a bheadh ag dul, bheadh ag dul leis sin nuair a cheannaigh siad é ná nuair a tugadh daofa é a Charlie.

CATHAL: Ach creidim, creidim ní bheadh mórán le b'fhéidir acraí uilig ann, thart fá acraí déarfainn a bheadh ann, bhall sin an cuid a ba mhó, bheadh acraí is mó a bheadh ann. Ansin a fear a thug daofa an suíomh *Con Timoney* bhí sé ag dul a thógáil teach do féin ansin agus ba mhaith leis an teach a thógáil a chóir an *hall*, halla agus b'eigean do ansin cead a iarraidh ar a, ar a choiste an suíomh seo a thabhairt do agus tá an teach sin, ansin go fóill ag taobh an halla, cinnte d'imigh *Con Timoney* agus a bhean agus a chlann. D'imigh siad sin go Méiriceá agus díoladh an áit ansin. Cheannaigh fear é Jimí Bhrainní, *Jimí Mc Bride* thuas, comharsanacht ansin ag taobh an halla.

0001T000702:

DÓNALL: Inis seo domh ansin a Charlie, c'uir a thosaigh an band ansin, gur thosaigh siad gan mhoill ná bheadh giota cruinniú ar airgead agus achan rud mar sin leis an treallamh agus na uirlisí uilig a fháil?

CATHAL: Bhuel bhí, bhí an buíon ceoil ansin, *flute bands* a bheadh ann creidim, ó thosaigh siad, bhí siad, bhí siad ar obair ar scor ar bith thart fá na, creidim, 1915, 16 creidim thosaigh siad ar chéad uair ach bhí siad ag gabháil leo ansin, bhí, d'fhoghlaimíodh, de réir mar a bhí daoine ag titim amach as, d'fhoghlaimíodh thuilleadh fir óga eile fá choinne, sa gheimhreadh bheadh siad ag gabháil dá sin is mó, bhítí ag foghlaim agus bhí *brass band* ann am amháin, *not* sa halla, in sa phobal

seo fosta *but, eh*, níl a fhios agam anois, ní bheadh a fhios agam, tá a fhios agam go raibh *Johnny* Phaidí ar fhear acu a bhí ag seinm ansin, níl a fhios agam cé eile a bheadh ann anois ná c'áit, ní sa halla a bhí sé, bhí sé roimh am an halla. *Eh*, bhí band, d'fhoghlaim fear as Doire band ann, Paidí Gormley a bhí air, ansin sna, ó thart fá na fichidí a bheadh sin. Agus Jimí Hiúdaí Comhaill agus Paidí Beag Phaidí, d'fhoghlaim siadsan in buíon ceoil, Joe Ó Fríl, d'fhoghlaim siad sin stócaigh óg eile fá choinne a ghabháil isteach agus d'fhoghlaim Jimí Mooney buíon ceoil in, ó bheadh sé tús, i dtús na gceathrachaidí agus ansin d'fhoghlaim *Francie Mooney* in 45, d'fhoghlaim sé stócaigh óga agus bhí suas, bhí sin ag gabháil ansin go dtí 47, chuir an band, sin an band na *flutes, bands* an lá deireannach, chuaigh siad amach Lá 'le Pádraig 47 agus bhí 24 *fluters* ann.

DÓNALL: Sin band iontach láidir a Charlie.

CATHAL: Iontach láidir, *aye*. Bhuel bhí *band* na bpíob a bhfoghlaim an t-am sin, thosaigh siadsan in, ag Samhain 46 agus ní raibh siad, ní raibh siad réidh le gabháil amach Lá 'le Pádraig ná Domhnach Cásca ach chuaigh siad amach ar 15 *August* 47 suas go áit in *Ballybofey*. Bhí 13 ag buaileadh ann, píopaí agus tá mé ag déanamh gur ceithre drumadóir beag a bhí ann agus drumadóir mór, ní raibh *staff man* nó *leader* ar bith leo an lá sin ná i gceann tamaill ina dhiaidh sin ach is é fear den 13 a bhí ag buaileadh na bpíob ná an fear a d'fhoghlaim iad, as Doire é, *Jack Mc Callion* a bhí air.

DÓNALL: Agus an raibh tú féin in sa *bhand* ag am seo a Charlie?

CATHAL: Bhí, bhí. Bhí mé in ceann i mo ghasúr in 45 fosta, in sa *bhand* go dtí, *band, band* na *flute bands*, agus ansin chuaigh muid ag foghlaim na bpíob, *band* na bpíob, ó bhí suas go dtí creidim, deireadh, isteach sna seachtóidí, a stad muid, d'éirigh muid ró-aosta, bhí an aos óg eile i bhfad níos fearr ná muid. *So*.

DÓNALL: Is caide do bharúil, cad chuige, caide an chúis gur athraigh siad anonn go dtí na píopaí a Charlie?

CATHAL: Bhuel sílim *eh*, rud a chuala mé seo anois, sílim go raibh siad ag caint an t-am sin ar, bhí cuid, *bandanna* píopaí ag teacht aníos, amach an tír ach an áit, bhfuil a fhios agat, agus *eh*, tá mé déanamh ag an chruinniú, bhí cruinniú acu agus bhí seo pléite acu faoin, caithfidh sé cúpla uair déarfainn, ach bhí *Hughie Doogan*, a chuaigh thart ar na fir, a chur tús an chéad uair leis, ba mhaith leis *band* na bpíop a fheiceáil amuigh. *Band* píopaí a bheith acu. Bhí *band* na bpíop acu agus bhuel, tá beagán ná mhór fágtha ann go fóill ach tá sé deacair an aos óg a fháil anois le ghabháil isteach, foghlaim, foghlaim as na leithéidí seo, macasamhail buíon ceoil.

DÓNALL: Tá sin fíor. Ach a Charlie, caithfidh sé gur chosain sé ansin airgead iontach agus chaitheadh sibh a léir cruinniú airgid anall as, b'fhéidir as tíortha eile inteacht.

CATHAL: Á *no*, chruinnigh siad an t-airgead sin ar damhsaíocha. Bé ag damhsaíocha a cruinníodh an t-airgead sin uilig fá choinne na mbuíon ceoil sin uilig a chur chun tosaigh.

DÓNALL: Inis domh fá na damhsaíocha uilig a Charlie nuair a, go speisialta an chuimhne atá agat féin orthu nuair a thosaigh siad.

CATHAL: O bhí, bheadh na damhsaíocha, bhí siad, oíche Aoine 's oíche Dhomhnaigh, oíche Lá Saoire 's ar réir sin *you know*, sin na oícheanna a mbeadh damhsaíocha ann, gheofá cinnte i m'amsa oíche Aoine 's oíche Dhomhnaigh, bheadh, bheadh ceann *either* ar na Machaireacha oíche amháin don tseachtain agus ansin bheadh an ceann eile i nDoirí Beaga ansin an oíche Dhomhnaigh ná oíche Aoine fá, cibé an dóigh a n-oibríodh sé amach. Bheadh, ní bheadh an bheirt ag dul a gcuideachta a chéile *cause* ní raibh go leor, ní raibh go leor taos óg sa phobal fá choinne an bheirt acu a bheith i gcuideachta a chéile *so* bheadh damhsa i gceann acu anocht, an oíche, chéad n-oíche, chéad oíche eile ins sa halla eile. Ansin bhí *halltaí* eile thart sa cheantar mar a déarfá cosúil le Cloich Cheann Fhaola, bhí ceann i *Falcarragh*, 's bhí ceann i nGort a Choirce, 's bhí ceann in Anagaire, 's an Chlochán

Liath. An tam sin bhí na carranna ag teacht isteach ann agus bhí, bheadh daoine rachadh siad níos faide chuig damhsaíocha.

DÓNALL: Caidé cineál *bands* ceoil a bhfuil cuimhne agat a bheadh ag bualadh ann, ann sna hallaí a Charlie.

CATHAL: Bheadh *bands* mhóra i gcuid acu, bheadh, ó bheadh, bhuel ansin an Sliabh Foy sin ceann as an phobal thart anseo sa cheantar againn féin, Sliabh Foy chaith siad sin bliantaí fada ag seinm thart sna *halltaí* seo, thall anseo. Ansin gheobhadh, bheadh isteach as Doire agus bhí ceann eile i *mBallybofey* Mc, *Páidaí Mc Cafferty's* ar agus chonaic mise iad ag teacht aníos as Maigh Eo ann. Tá cuimhne agamsa ar *Jack Ruane*, *Clipper Carlton*. Bhí siad sin ann oíche ná beirt Halla na Machaire ó tamall fada, i dtús na caogaidí agus bhí sé tior, sílim go raibh sé cúig scillinge le dhul isteach agus ní raibh an buíon ceoil sin a dhath a phunta déag fá choinne, fuair siad fá choinne na hoíche, sin an rud a d'iarr siad fá choinne na hoíche. Bhuel, cúpla bliain ina dhiaidh sin, na b'fhéidir dhá bhliain, dá mbeithfeá ag quartú an buíon ceoil sin fá choinne a theacht chugat a bhualadh sa, a sheinm sa halla chaithfeá é a bheith curtha in áirithe agat bliain roimhe sin.

DÓNALL: Chaithfeá níos mó airgead a dhíol creidim.

CATHAL: O bhí, na chuaigh siad, chuaigh siad go Méiriceá agus achan uile áit, agus go hAlbain 's Sasain. Thosaigh siad agus rinne siad buíon ceoil, ó bhí siad, rinne siad sin, bhí ainm mór acu sin. Fear, ceann eile a raibh *Jack Ruane* ar sílim agus ó bhí, arú bhí lear mór buíon, bhí cuid, bhí cuid mhór ann a thiocadh as Doire. Tá cuimhne agamsa ar cuid mhór a theacht as Doire. Ansin bhí na Búistéirí fosta ann ansin sna Rossan, *Casino* in sna na Rossan agus ó bhí, cúpla, Keynotes, bhí siad sin ann *but* tháinig léir acu sin, bhuel bhí na Búistéirí ag dul ann sna caogaidí go láidir. Ba ghnách leo seinm, seinm sna hallaí, hallaí anseo an tam sin.

DÓNALL: Bhí na *Key*, bhí na, c'ainm a bhí ar *bhand Leo*, Sliabh Foy bhí siad féin, bhí siad sin iad féin maith ag an am.

CATHAL: O bhí sin, o bhí sin, bhí siad sin iontach maith, bhí, bhí, bhí, bheadh, tá cuimhne agamsa bhí conradh déanta acu sin i Halla na Machaire, oíche Dhomhnaigh, bhí ar feadh trí bliana achan uile oíche Dhomhnaigh. Bheadh siad ann achan uile oíche Dhomhnaigh ar feadh trí bliana agus níl cuimhne agam anois, ní raibh siad daor, tíor domhsa gur naoi bpunta nó rud inteacht a bhí siad.

DÓNALL: A ní raibh caill ar bith ar sin.

CATHAL: Ní raibh. Bhí, bhuel bheadh loitharin `s dhá scillinge, dhá scillinge ná loitharin ar an doras bhuel ní bheithfeá i bhfad ag cruinniú an luach.

DÓNALL: Ní bheadh.

CATHAL: So bheadh airgead i dtolamh fágtha agat fá choinne, fá choinne macasamhail na buíon ceoil a choinneáil ag dul agus a, coinneáilt, *hall* a choinneáilt in ord mhaith *cause* caithfidh tú airgead is cuma caidé choinne achan rud a choinneáil, tá rud inteacht i dtólamh, téann rud inteacht i dtolamh contráilte.

DÓNALL: Tá sin fíor. Bhuel inis seo domh a Charlie, dódh an halla, halla uair amháin fosta.

CATHAL: Dódh, dódh dódh trí huairé í *but* dódh, dódh dhá huair go talamh í. Tá mise ag deanamh gur thart fá 9, bhfuil a fhios agat 1920 an chéad uair thart fá sin ná b'fhéidir níos luaithe na sin *but* thart fán am sin agus ansin dódh go talamh an tam sin í. Bhuel tógadh ansin arais í agus cuireadh díon úr uirthi agus fuinneoga úra `s achan rud isteach agus urlár úr inti arais agus ansin dódh arais ansin í a, tugadh iarraidh í a dhó, dódh an turlár `s rud inti idir sin agus 27, ach dódh go talamh arais í i 27, 1927 dodh go talamh arais í agus bhí sé cúpla bliain ansin sula, sula cuireadh díon `s rud uirthi arais, cé acu a bhí an tairgead.

DÓNALL: Ní iontas ar bith bheadh, bheadh sé costasach `s creidim gur dódh ansin na uirlisí an bhanna ceoil fosta.

CATHAL: Bhuel dódh, ó dódh na sin, dódh na huirlisí ach bhí a, an oíche i 1927 ní raibhse mórán, ní raibh sé i bhfad roimhe lá, Lá Fheil Pádraig agus dódh na drumaí agus bhuel ní dódh na *flutes*, bhí na *flutes*, fuaireas na *flutes* amuigh faoi chloch, taobh amuigh don halla lá arna mhárach na lá arna northin sílim ach bhí siad, bhí an, bhí an buíon ceoil amuigh Lá Fheil Pádraig, fuair siad drumaí aníos as Bun Crannacha. Tugadh aníos iad isteach na phobail seo druma mór `s drumáí beaga agus bhí sin acu, siúd a cheannaigh siad iad thíos i mBun Crannach. Tháinig siad aníos lá ná beirt roimhe Lá Fheil Pádraig agus bhí an buíon ceoil amuigh Lá Fheil Pádraig, `s chuaigh siad go Teach a' Phobail agus thart sa phobal ina dhiaidh sin.

DÓNALL: Bhfuil a dhath don treallamh anois atá ar an chéad *bhand* a cuireadh amach ar riamh bhfuil a dhath do sin fágtha ins sa phobal a Charlie.

CATHAL: Bhuel tá, tá ceann de na drumáí, an druma mór, tá sé sin thuas sa halla go fóill níl ann ach a, ach a, níl éadan ar bith ar, ach tá an druma ansin go fóill ach níl dar gcuid drumáí beaga ná a dhath mar sin, níl, níl a dhath acu sin, níl na *flutes* a hoiread díoladh iad, cuid acu, an mhuintir dheireanach díoladh iad sílim i ndiaidh, ansin creidim daoine a bhí ag bualadh fosta choinnigh siad na *flutes* iad féin creidim, tharlaigh sin *so* beidh corr *flute* creidim thart fríd an phobal go fóill dona na gcuid.

DÓNALL: Creidim go bhfuil corr dhuine a choinnigh flutes agus rud mar sin.

CATHAL: O *aye* déarfainn go mbeadh sin fíor.

DÓNALL: Inis seo anois domh a Charlie agus muid ag caint ar an Screabán. Ba ghnách leat, tá cuimhne agat dúirt tú, bhí muid ag caint ar theach Joe an oíche dheireanach. Níl sé i bhfad ó druideadh é agus bhí tú ag caint go bhfuil cuimhne agat ar phíosa do a bheith a thógáil agus tú féin agus comharsanach eile inteacht duit ag baint scaneagáin thuas ar an Screabán. Inis domh fá sin a Charlie.

CATHAL: Bhuel mé féin agus *Hughie Joe* a bhí ann, thart fá 53 agus bhí poll scaineagán de scaineagáin dheas thuas ar an Screabán an áit a bhfuil na *factories* tógtha inniu agus ó bhí sé dhá throighe dhéag de scaineagáin ar, dhá throighe dhéag achan bhealach an tuigeann tú ar airde agus ar leithne agus bhain muid cuid mhór scaineagáin amach as agus thug *Hughie Joe* leis, bhuel ní leis a thug sé é, bhain sé féin é agus mise, mise a bhí ag obair do *Hughie*. Bhain sé deich leoraí is fiche ann agus thug mise mé féin anuas tuairim ar chúigear. Leoraí a bhí ag *Eddie Diver* i gCois Chláidí a thug anuas an scaineagáin agus sin, sin anois a pháirt an áit a bhfuil an *lounge* agus a bear agus rud i dtigh *Joe*, sin an giota a tógadh leis na scaineagáin sin, leis na `s rinneadh bricí agus tógadh sin na bliantaí ina dhiaidh, cúpla bliain na dhiaidh, b'fhéidir go raibh sé dha bhliain ina dhiaidh sin.

DÓNALL: An raibh tú féin ag obair ar sin a Charlie.

CATHAL: Ní raibh ar Theach Joe, ní raibh, ní raibh, ní raibh. Bhí mise ag obair ar, thosaigh an, thosaigh an Chláidí creidim i 54.

DÓNALL: Ba seo an áit, an chéad áit a d'obair tú Charlie.

CATHAL: Bhuel d'obair mé ag a, ag a, thoir ag an mhóin mar a déarfá, ag cróigeadh mónadh `s ag tógáil `s ag tiontú mónadh i 47. Ní raibh mé a dhath ach i mo ghasúr i ndiaidh an scoil a fhágáil, sin an bhliain dheireanach a bhain a, an *council* a bhaineadh an mhóin seo agus rachadh sí go Leitir Ceanainn agus níl a fhios agam c'áit seo.

DÓNALL: Sin amuigh thoir ar an Choirmhín an beith.

CATHAL: Ar a Choirmhín, soir, amach suas go dtí mbeithfeá thuas ag bun Thaobh a Leithid ansin. Bheadh scaifte, bhí scaifte fir ann, scaifte fir agus scaifte mná fosta ag obair ar, ag tiontú `s ag cróigeadh ansin bheadh, bheithfeá ag tógáil ansin nuair a

bheadh sí uilig tirim. Bhí páighe mhaith i gceann achán choicís a gheofá díolta `s gheofá deich bpunta ná phunta déag sa choicís *so* bhí sin maith an tam sin *because*.

DÓNALL: An beith sin an chéad airgead a tháinig isteach a Charlie, bhí sin speisialta maith.

CATHAL: Bhí, bhí sin, bhí sin a chéad airgead cinnte a tháinig isteach sa, chéad saothrú a bhí sa phobal seo leoga ní raibh a dhath eile roimhe sin ann b'fhéidir corr rud beag *jobannaí* beaga thall sa abhus ach ní raibh a dhath iontu ach rudaí beaga amuigh ar a *chouncil* ná rud inteacht mar sin agus ní bhfaighfeá ansin ach cúpla seachtain. Bhuel ansin thosaigh an ESB, bhí siad ag dul a thabhairt isteach an ESB anseo, *electricity* fá choinne an phobal seo agus pobail thart fosta agus tosaíodh ansin thuas, thosaigh mise ar a, in *April 54*, thuas in áit a raibh an *turf burning station*, ag baint poill choinne, go bhfeiceadh muid cén doimhne a bhí ann sa talamh go dtí go bhfaigheadh siad síos go dtí an chréag.

DÓNALL: A raibh sé domhain a Charlie.

CATHAL: A bheadh áiteachaí ann, áiteachaí a bheadh sé b'fhéidir cúig ná sé throithe agus choinne, choinne iad a bheith ábalta an *found* a chuir isteach fá choinne an dúshraith, choinne an, choinne an staisiún na mónadh. Bhuel bhí muid ansin b'fhéidir dornán míonna agus ansin cuireadh anuas ansin muid, bhí Malachy Burke a bhí ar an *contractor* a bhí ann. Bhí siadsan ag tosacht ag gabháil a dhéanamh siar *canal*, siar go dtí go mbeithfeá thiar ag, thíos ag a Rampar, thíos i nDoire na Mainséar ansin. Bhuel bhí muid ansin, chaith mé, chaith mé dhá bhliain ag obair ansin agus d'imigh mé go hAlbain ansin agus bhí mé ar shiúil bliain agus tháinig mé arais agus rinne mé dhá bhliain eile ansin ann go dtí *fhinisháil* a, so chuaigh mé go hAlbain nuair a d'fhinisháil sé thart fá tá mé ag deanamh 50 `s, deireadh 58 agus rinne mé sé mhí ansin ag an ESB aníos a, aníos a Chlaidí, aníos an abhainn ag déanamh, ag cuir clocha trasna an áit a raibh na *fish passes*, fá choinne an t-iasc a theacht aníos, na bradáin a theacht aníos agus bhí áit thíos ag tóin an

Bhun Bhig a raibh Léim an Bhradáin ar. Bhall reabadh an chreig sin uilig `s bhí pasáid ghlan ag an bhradán ansin le dhul suas.

DÓNALL: Rachaidh mé arais bomaite go díreach a Charlie ansin go dtí nuair a bhí sibh ag obair ar an *chanal* siar go Doire na Mainséar. Bheadh scaifte agaibh ann agus ansin, beith ag cuir isteach *concrete* agus *shutters* a bhí sibh a Charlie.

CATHAL: Bhuel an chéad uair baineadh amach uilig an talamh as agus thiar i, thiar i nDobhar, siar, aniar ansin giota maith ón bhealach mór i nDobhar bhí creig uilig, uilig a bhí ann sin agus síos faoin bhealach creig a bhí ann sin, bhítear ansin, bhí sin, bhí, bhí sin iontach domhain ar an taobh thíos don bhealach mhór, ó bheadh sé, bheadh sé cúig troithe déag leoga ar doimhne.

DÓNALL: Caitheá go raibh *machinery* maith láidir agaibh a Charlie.

CATHAL: Bhuel bhí, bhí *diggers* ansin cinnte but *blastáiladh*, s'iad a *blastáiladh* `s chaithfeá, chaithfeá sin a líonadh isteach i rud a dtabharfadh siad an skip ar agus thógadh an crane aníos é agus chuirfidh isteach ar leoraí é `s bhéarfaidh ar shiúil áit inteacht, fá choinne áit inteacht eile a líonadh isteach. Ach soir, soir an chuid eile do caorán agus réir sin is mó a bhí ann agus cuireadh *concrete* ar na, aníos na taobhanna ar sin agus ar, thíos ar an urlár, cuireadh, ó bhí muid, chaith muid suas le naoi mí ansin, bhí scaifte ansin, fear ansin mairim go raibh cloigeann déag againn ann ag gabháil do.

DÓNALL: Cé eile a bhí ag obair leat.

CATHAL: Bhuel bhí, bhí Tom Mhíchíl thíos anseo agus Patrick Phat, Hughie Húidaí Bhig, *Corny*, Jimí Thaighd Mhóir, Peadar Beag thíos ar an Choiteann, Joe Thaighd Bháin, Jimí, Jimí *Gallagher*, Jimí Beag Jimí Bán i nDobhar, Donaí *McGee* as an Ard Donn é agus an ndúirt mé Joe Thaighd Bháin.

DÓNALL: Dúirt.

CATHAL: Agus tá sé deacar smaoineamh anois, níl mé ábalta smaoineamh, Ned Mhuiris Neidí thall ann Mín a Leice, Ned *Gall*, a *Coll so* sin a, níl mórán, níl a nduine fágtha acu sin don mhuintir sin a d'ainm mé, ach mé féin agus Donái *McGee*, tá an chuid eile uilig marbh.

DÓNALL: Ach mbeadh sibh ag cuir isteach shutters `s rud mar sin a Charlie.

CATHAL: Bhuel *no* bhí, bhí a, ar na taobhannaí bhí *matannaí*, *matannaí* móra *steel* ann agus ansin bheadh giotaí, bhí, bhí iarann ann chuirfeá isteach é fá choinne é a líonadh agus ansin nuair a bheadh siad sin tirim, bhuel siocaigh `s *concrete* siocaigh. B'fhéidir go mbeadh sé lá arna mhárach d'athraithe iad sin agus dhéanfá dara achan *bhale* le sin, soir go mbeithfeá, áit a bhfuil a, thoir i nDobhar, thoir ann, thoir go mbeadh muid thíos ann, thoir, bhuel *no* ní, ní dheachaigh sin a dhath a siar Dobhar.

DÓNALL: Dobhar.

CATHAL: *Aye*, piobaí a chuaigh ansin síos go raibh, ón.

DÓNALL: Ó sé.

CATHAL: Ó Dhobhar síos go mbeithfeá thíos i nDoire na Mainséar. Ansin tógadh *power house* mór thíos ann Doire na Mainséar, thíos ansin ag bun an Rampar ansin tógadh, tá sé, tá sé sin ag obair anois *you know* ag gabháil leis an uisce ar fad. Bhí, bhí sin sna, bhí sin i lár na caogaidí suas creidim go dtí thart fá 57, 58 ar réir sin.

DÓNALL: Bhí giota fada le siúl agaibh a Charlie ná beith a siúl a bhí tú.

CATHAL: A bhuel *bicycles* a bhí an tam sin ann agus ansin a , deireadh, deireadh an ama bhí bus ag dul suas, bhí bus, rachadh sí, thosaíodh sé ag tógáil na fir thoir fán, thoir fán Ghlaisigh, anoir i rith an bhealaigh ansin go mbeithfeá thuas i nDobhar ná thuas ag an staisiún, *station*, a bhuel *station* a tugadh ar a riamh thuas an áit a raibh an, a bhreá leis an traen theacht fad ó shin.

DÓNALL: Bheadh páighe mheasara ann a Charlie.

CATHAL: I dtús ama ní raibh, bhuel creidim bhí sé go maith. Ní, ní bhfaighfeá a dhath ní b'fhéarr thart sa cheantar seo bhí, ní raibh na cúig phunta sa tseachtain iomlán ann nuair a bhí an *stamp* agus achan rud amach as. Ach ansin d'éirigh sé níos fearr leis, bhuel a thiar ag deireadh an ama, bhí, trean, sílim thar ocht bpunta ann, ach, an tam a bhí, áit a, nuair a bhí muidinne ag cuir isteach an *cement* thiar a *canal*, ag, thiar ar a chanáil ansin. Bhí muidinne rud a dtabharfadh siad bonus ar agus bhí muidinne ag déanamh thart fá sé phunta dhéag 's cúig phunta dhéag, sé phunta dhéag sa tseachtain *so* bhí sin maith, bhí sin dubáilte do chuid airgid, dubáilte do pháighe *but* chaithfeá oibríodh cúig lá agus leath lae Dé Satharn, sin a, sin na, na, na uaireanna a bhí ann.

DÓNALL: Ach ní raibh caill ar bith ar an pháighe sin a Charlie.

CATHAL: Ní raibh bhí sin iontach maith, go maith is a gheofá áit a bith, go maith, bhí, ní raibh, ní raibh mórán níos fearr ann Albain an tam sin.

0001T000711:

DÓNALL: Ní raibh leoga. Inis seo domh ansin, dúirt ansin gur bhuail, bhuail an fonn tú imeacht leat go hAlbain, inis domh fá sin a Charlie.

CATHAL: A bhuel, cosúil le achan rud, tá na hÉireannaigh tugtha don tsiúil so, (gáire)

DÓNALL: (Gáire)

CATHAL: Bhí mé ag smaoineamh (...) creidim stócaigh eile ag imeacht *so* d'ímigh mise fosta, d'ímigh mé i ngan fhios, ní raibh a fhios ag mo mhuintir, bhuel bhí

m'athair thall in Albain, ní raibh a fhios ag mo mháthair is iad, bhí deirfiúr agam, go raibh mé ag imeacht ar chorr ar bith.

DÓNALL: Is cén bhliain sin anois a Charlie?

CATHAL: 56, samhradh 56 a bhí ansin is bhí mé ar shiúl ansin go 57, tháinig mé na bhaile in 57. Is ansin chuaigh mé ar obair ansin ar ais, bhuel i ndiaidh tamall a bheith sa bhaile, chuaigh mé ar obair ar ais. *So* bhí mé ansin gur chríochnaigh sé.

DÓNALL: Inis domh arís a Charlie, caidé a thosaigh tú air in Albain ná c'áit a deachaigh tú?

CATHAL: Ó bhuel go Glaschú ar an chéad uair fuarthas, is gheofá, gheofá, bhí neart oibre in sna blianta sin in Albain. Bhí neart oibre ann, fá Ghlaschú agus á *even* suas an tír, bhí áit thuas in *North of Scotland*, bhí cuid mhór tolláin agus rudaí ag gabháil ansin, thairbhe, ó thairbhe hydro agus bhéarfadh siad isteach uisce ó lochanna a bhí amuigh faoi chúl na gcnoc agus dhéanadh siad tolláin, ag obair in *tunnels*, bhí, airgead maith go leor ann ach ina dhiaidh sin bhí sé contúirteach fosta agus gortaíodh cuid mhór daoine ann agus daoine, maraíodh go leor fosta ann. *So*, ní, ní raibh, ní raibh an phá ann fá choinne an chontúirt agus an rud a bhí ann, bhí, bheadh *huts* mhóra ansin, sin an áit a mbeifea i do luí, i do chónaí ann, ansin bhí áit mhór eile ansin ann a dtabharfadh siad an *canteen* air fá choinne, gheofá do chuid ann agus achan rud mar sin. Léir mór den am, ní raibh an bia rómhaith i gcuid mhór acu.

DÓNALL: Go speisialta, ar an, ar an shift a bhí le déanamh agat a Charlie, bheadh 12 a dhéanamh agat, an mbeadh?

CATHAL: 12, 12 a bhí ann agus corr uair, d'oibreofá go dtí an 4 an chlog Dé Sathairn, an 4 a chlog tráthnóna agus ansin Dé Domhnaigh an dóigh chéanna, d'oibreofá b'fhéidir thart go dtí an 4 a chlog fosta *but* gheofá am dúbailte ar shon an

Domhnach. Bhí sé chomh maith le dhá lá cinnte *so* bhí an Satharn, bheadh, am go leith a gheofá ar shon an am a d'oibreofá Dé Sathairn.

DÓNALL: Sin na *hydroschemes* a Charlie an bé?

CATHAL: Sé, ó bhí cuid mhór acu sin ag gabháil suas, ó bhí, ó bhí i bhfad roimhe sin, cuid acu sin ag gabháil. Níl a fhios agamsa, sna tríochaidí a thosaigh siad cuid acu, corr cheann thall agus abhus. Ansin, bhuel, sna caogaidí, deireadh na gceathrachaidí agus an caogaidí a ba mhó a bhí siad ag gabháil. Bhí cuid mhór daoine as thart na ceantracha seo, bheadh chuid mhór as Dún an nGall agus achan uile chontae eile chomh maith léithe. Chastaí cuid mhór daoine ort, bheadh siad ag imeacht is ag teacht ann mar a dhath, ní raibh sé deacair obair a fháil ann.

DÓNALL: Ní bheadh.

CATHAL: Ní bheadh.

DÓNALL: *But* inis seo domh a Charlie, caithfidh sé go raibh, go raibh sé contúirteach go leor ag obair istigh sna rudaí sin agus an t-uisce ag sileadh anuas ort?

CATHAL: Bhí cuid mhór acu fliuch agus bhí cuid acu ansin a bheadh, nach mbeadh fliuch, bheadh breá tirim. Ach bhí sé contúirteach *'cause* ní raibh dhath ar bith ag coinneáil thuas an, na clocha sa, a bhí thuas sa rud agus is iomaí am, bheadh sin, thiteadh ceann acu sin anuas, ní thabharfá faoi deara é ná bhí siad chomh mór, go speisialta mar bhí ceann 12 troighe ann, ar airde, bhfuil a fhios agat, tá tollán 12 troighe achan bhealach agus ansin leis an fhírinne a inse duit, bhí daoine iad féin, na fir, léir mór de na fir iad féin, ní raibh siad coimheadach go leor.

DÓNALL: Ní raibh.

CATHAL: Ó ní raibh is ní, ní mhiste leo a ghabháil ar aghaidh leo agus an oiread seo a fháil amach as, sin an rud, *you know*.

DÓNALL: Ag an am chéanna a Charlie, creidim nach raibh siad coimhédach *but* níor tugadh *helmets* ná a dhath duit ansin fá choinne do, le cosaint de shórt ar bith.

CATHAL: Á bhuel, ó bhí *helmet* ann, ó bhí, gheofá *helmet but* níorbh fhiú mórán an *helmet* duit dá dtiocfadh cloch ort (gáire)....

DÓNALL:*No*.

CATHAL: Bhí sé ag gabháil do mharú ar scor ar bith. Bhí, má tháinig sí anuas airde mar sin ort. `Cause bhriseadh sí rud inteacht mura, b'fhéidir go sábháladh an *helmet* rud beag dá mbeadh sí gan a bheith iontach mor ach má bhí, bhí sí mór, ní shábháladh.

DÓNALL: An bhfaca tú aon duine, cás ar bith, droch chás ar bith a Charlie?

CATHAL: Ó chonaic mé daoine go leor ag fáil na cosa briste is lámha is cailleadh méara is de réir sin, chonaic, chonaic leoga. Anois, ní fhaca mé aon duine, bhí, maraíodh daoine go leor sna *tunnels* cinnte but chonaic mé uair amháin, fear a fuair marbh, maraíodh é is tugadh, tugadh ar shiúl é, bíodh a fhios agatsa nár stad siad d'obair *even*, coinníodh ag gabháil istigh, istigh sa *phlace* i rith na hama, tugadh amach é sin, tugadh amach ar *stretcher* é agus tugadh ar shiúl an ospidéil é *but* bhí an fear marbh.

DÓNALL: Ar chur sin in éadan an rud go hiomlán thú a Charlie?

CATHAL: Bhuel, chuireadh se isteach cinnte ort, duine a fheiceáil, duine a raibh tú ag obair ina chuideachta ar scór ar bith, b'fhéidir nach raibh leithid, cuid mhór aithne

agat air *but* bhí sé ansin, bhí, bhí sibh, bhí muid ansin cúpla seachtain dá réir sin i gcuideachta a chéile. Ó maraíodh cuid mhór daoine ann cinnte.

DÓNALL: Caidé méid blianta a chaith tú ag gabháil dá sin a Charlie?

CATHAL: Arú, thall is abhus, chaith, chaith muid blianta, cuid mhór blianta, níl a fhios agam cé mhéid. Ansin thiocfainnse anonn agus anall corr uair na bhaile, an bhfuil a fhios agat agus chaithfinn, b'fheidir, cúpla mí sa bhaile. Cinnte ná bhí, bhí, *eh*, an t-am sin, bhí barr le cur agus chaithfeá, is cuma, am, sa tEarrach, an tEarrach a dhéanamh agus móin a bhaint agus dá réir sin, bhuel bhí m'athair in Albain an t-am, na blianta sin fosta. *So*, ní raibh aon duine sa bhaile ach mo mháthair is cuid de na girseacha, *so* chaithfinn a theacht na bhaile is cúpla mí a dhéanamh sa bhaile is na rudaí sin a fháil déanta.

DÓNALL: Inis domh seo a Charlie bhí muid ag caint an lá deireanach ar theach beag amháin a bhí, a bhfuil cuimhne agat ar a bhí ar an Screabán. Tá cineál de cuimhne agam féin ar, teach Eddie Ned. Inis domh fá sin a Charlie.

CATHAL: Bhuel tógadh an teach sin ó *jesus* sna caogaidí bhí, deireadh na caogaidí a bheadh sin go maith, siar. Bhí Eddie, bhí Eddie tógadh Eddie thuas anseo, thuas i mbarr an chut anseo an áit a bhfuil muid i m' shuí agus díoladh, dhíol an mháthair, dhíol an mháthair an áit agus a talamh agus an teach, óna lá'se amach, teach, *so* bhí Eddie ansin ina mhac 's bheadh Eddie ag teacht agus ag imeacht ann, bheadh sé ar shiúl tamalltanaí is thiocfadh sé is ar réir sin. Ansin, bhí an teach cinnte ní raibh sé maith, *so* níl a fhios agamsa caidé a tharla ach thosaigh Eddie *more or less* ina luí amuigh a bheadh sé 's b'fheidir go bhfaigheadh sé isteach ann scioból is ar réir sin. Ansin bhí daoine is bhí eagla orthu go gcuireadh sé an scioból ar thine, tá a fhios agat scioból chothán, bheadh cothán istigh iontu, 's fear na rud inteacht istigh iontu an tam sin *so* bhí teach thíos anseo ag bun an bhaile. 'S iomaí am chonaic mise ina sheasamh ansin é ag teacht na bhaile ó dhamhsaíocha dúinn agus bheadh froc mhór air agus b'fheidir ceann eile anuas air agus oícheanta fuara, fliche go leor acu. Ach bhí muid thíos lá, oíche amháin i dtigh Hughie Joe sin teach a leanna, teach Joe Ó

Frighil agus bhí fear a dtabharfadh siad Hughie Dhiarmuide ar agus Charlie Dhimric, Chaplin agus Jimí Ó Rabhartaigh, Hughie Joe, Francie Hughie Jimí agus Simon agus bhí mise fosta ann. Agus bhí muid ina shuí ag comhrá agus dúirt duine inteacht gur cheart airgead a chruinniú fríd an phobal agus teach beag a chuir suas do agus ó bí dé sin an rud a tháinig, bhí siad, bhí siad uilig ar a chúl sin agus rinne, rachadh cúpla fear ar achan bhaile, b'fhéidir beirt ná thriúr ar achan bhaile agus rinneadh na bailte thart sa cheantar anseo agus tógadh ceithre scór punta agus tosaíodh ar an teach. Ní raibh ann ach cistineach cinnte agus bhí oiread airgead ann a cheannaigh bricí agus cheannaigh fá choinne an roof a chuir ar, díon a chuir ar agus na comharsanaí thart ansin, tháinig siad agus rinne siad obair ar, laetha ar thall 's abhus a *bhuildáil* agus ag tógáil ar an tí, *plastaráil* agus ag cuir isteach urláir agus achan eile rud leis an rud eile. Anois bhí mé féin ar dhuine den mhuintir a, bhí ann a chríochnaigh an rud, chríochnaigh an teach a *phlastaráil* ar an taobh amuigh, mé féin agus, a Dia trócaire air tá sé marbh anois, méid eile, creidim a labhair mé orthu fosta tá siad marbh, go ndéanfaidh Dia trócaire orthu, ach Condaí Eoghan Dhimric thoir anseo agus bhí an taobh istigh *plastairáilte* agus bhí muid amuigh ag *plastaráil* ar an taobh amuigh agus scríobh Condaí ainm ar an teach "*Long Drag*" ar a teach.

DÓNALL: (Gáire)

CATHAL: Thuas bhfuil a fhios agat leis an leithchán, nuair a bhí sé críochnaigh sa *cement*.

DÓNALL: Is scrib sé isteach é.

CATHAL: *Aye, so* tháinig Eddie ar scor ar bith trathnóna agus dúirt sé le Condaí ó d'fhéad tú gan a *botharáil* cuir ainm ar bith air. *So* bhí sé ina chónaí ansin, ach ní leora, leora ní raibh sé mórán míonna uilig ann. Fuaireas marbh istigh ansin é, tá mé ag deanamh gur mí Feabhra a bhí ann, ní fhacthas le lá ná beirt é, 's chuathas a chuartú, 's chuaigh duine inteacht a amharc isteach ar an fhuinneog 's chonaic siad marbh ar an urlár é. So níl a fhios agam, níl a fhios ag a nduine, creidim gur, bhí siad ag deanamh gur an croí creidim *but* níl a fhios ag a nduine caidé a tháinig air.

Ach ní tháinig, ní, níor, bhí na fuinneog, bhí an fhuinneog, bhí an fhuinneog druidte agus bhí an doras agus bhí dha bholt ar, ar an taobh istigh *so* ní, ní nduine a bhain do na a dhath mar sin. Bhí siad ag deanamh gur na daoine beaga a tháinig air, bhí sin, bhí thart fán Screabán ansin an tam sin deireadh siad, deireadh na seandaoine go raibh sé uasal, go raibh cuid mhór daoine beaga ná síoga na rud inteacht, go raibh rud inteacht uasal fá domh do. Bhí siad ag deanamh go raibh, b'fhéidir go, bhí sin ag gabháil an tam gur rud inteacht mar sin a thioctadh air ná tá cuimhne agamsa déarfadh Dia trócaire ar Chondaí. Chuir muid cloch gharbh *granite* isteach i gcúl na tine, leac dheas a bhí inti agus lá amháin a bhí muid ag dul suas bhí muid i ndiaidh a bheith abhus fá choinne braon tae ná rud inteacht agus dúirt Condaí "sin cloch dheas ansin" so chuir sé, chuir mise ar mo dhroim í agus d'iompar muid suas í agus chuir muid isteach i gcúl na tine í, rud a bhí sa *ghranite do you see* ní dhódh sé, ní bheadh maith, mhaireadh sé níos faide ná an *cement*.

DÓNALL: Sé.

CATHAL: *So* bhí sin ansin, teach sin ansin, go dtí tógadh na *factories* ann, thosaigh na *factories* a dtógáil.

DÓNALL: C'áit a raibh sé, raibh sé anois thart fá an áit a bhfuil sean *Comer Yarns* na thuas ansin áit inteacht a raibh.

CATHAL: *No*, tá a fhios agat an áit a bhfuil an *roundabout* ansin.

DÓNALL: Sé thart ansin.

CATHAL: Bhuel ar, nuair a bheidh tú ag dul suas ar thaobh do lámha clí ansin a bhí sé, istigh sa choirneáil ansin a bhí sé. O bhí, bhí, ar dhóigh bhfuil a fhios agat, ba cheart airgead a fháil sular leagadh an teach sin, bhí *trustees* ar a teach sin, bhí, bhí an mhuintir a thóg a, mhuintir a thóg a, chruinnigh an tairgead 's iad bhí siad ina *trustees* ar *so* ba cheart airgead a fháil an tam sin uathu agus é a thabhairt don, rud inteacht, áit inteacht eile sa phobal a raibh sé de dhíobhail ar.

DÓNALL: Tá a fhios agam. Bhuel beidh cuimhne mhaith agatsa fosta ansin b'íontach an rud é a bheith i do chónaí ag taobh an Screabán agus creidim gur bhain tú móin ar an Screabán *but* dóigh a thosaigh ansin na *factories* sin agus ceann i ndiaidh ceann d'fhás sé go millteanach agus ansin le tamall thit an tóin as.

CATHAL: Bhall, je, bhí cuid mhór, 's bhí cuid mhór ag obair ar a, ar an *estate* sin. Bhí, d'obair mise mé féin suas le cúig bliana ann b'fhéidir, ó níos mó b'fhéidir sé ná seachta bhlianta sin i ndiaidh mé a theacht as Albain, an tam a thóg mé an teach anseo, ina dhiaidh sin creidim go raibh mé suas le seacht mbliana uilig, ag obair uilig ann bhfuil a fhios agat, ann dhá, bhuel bhí mé ann Amblers an chéad uair agus dhruid sí sin síos agus bhí mé ann.

DÓNALL: An beith sin an chéad cheann a Charlie.

CATHAL: Sin an chéad *factory* a bhí ann, níor mhar sí sin a dhath ach dornán blianta, sin an áit.

DÓNALL: Caidé a bhí siad a dhéanadh snáth na rud.

CATHAL: Déanadh snáth an rud céanna a bhí *Comer Yarns* a dhéanadh agus mhair *Comer Yarns* blianta fada. Bhuel ansin bhí an *factory*, an *carpet factory*, sin an dara ceann a tógadh ann chuaigh a, agus bhí sí sin, mhair sí dornán blianta fosta agus ansin bhí an *plastic factory*, *Europlast* ann agus tháinig an *German* ansin fá choinne na radiators am ar bith a dúirt siad leo níl a fhios agamsa cé a bhogadh ina dhiaidh sin. Thainig léir mór ina dhiaidh sin.

DÓNALL: Ó tháinig but tá, beidh cuimhne agat an beith coiste a thosaigh sin a Charlie, agus ansin go díreach ní raibh ann a Screabán lom ar tús.

CATHAL: Se, sílim go raibh, go coiste anois, ní bheadh a fhios agam, bhí, choinne, choinne obair a thabhairt sa phobal cinnte bhí siad. Agus bhí an giota sin ó, suas go

dtí mbeifeá thuas ag an áit a bhfuil an bealach mór anois ag dul siar. Bhí sean bhealach ansin a dtabharfadh siad Bealach a Druma ar.

DÓNALL: Sé.

CATHAL: Suas go dtí sin a dhíol siad an chéad uair leo or ní dhíol siad é, siúd a, bhí cúigear ná sheisear acu ar a choiste sílim agus thug siad do Ghaeltacht Éireann é. Bhuel ansin ghlac Gaeltacht Éireann iad féin ansin suas an chuid eile uilig ina dhiaidh sin ach.

DÓNALL: Suas an Caorán Mór a Charlie.

CATHAL: Suas a Caorán Mór ghlac siadsan anonn sin uilig ina dhiaidh sin bhuel ní raibh a fhios ag na daoine, ní raibh a fhios ag na daoine a dhath fá sin. Ach cinnte rud maith a bhí ann sna *factories*, no níl dabht ar bith fá sin.

DÓNALL: Chuir sé deireadh le bád Dhoire creidim.

CATHAL: Bhuel chuir sé, bhí, bhí an taos óg ag fanacht agus d'fhán siad agus phós siad thart agus chuidigh sé go mór cinnte leis, leis a, thart sa phobal seo agus na trí pobalacha na Rossan agus Cloich Cheann Fhaola fosta, chuidigh sé go mór leo *cause* bhí, bhí cuid mhór ag obair ann. Níl, bhuel níl siad, creidim tá, tá sé rud beag níos bhfearr anois ná a bhí sé tá dornán bliantaí ó shin, na dhá bhliain ó shin.

DÓNALL: Phioc sé suas arís, rud, rud beag.

CATHAL: Rud beag, ach níl, níl sé, níl sé a dhath cosúil.

DÓNALL: Ó níl.

CATHAL: Ó níl, bhí oiread, bhí oiread ag obair in dhá *factory* ná trí `s atá ag obair uilig anois ann, in fact bheadh oiread ag obair ann *factory* amháin `s atá ag obair uilig anois ann, bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bheadh *but* rachaidh muid arais go dtí Amblers, bhí tusa, sin an chéad mhonarchan agus inis domh arís caidé'n méid agaibh a bheadh ag obair ann ar tús nuair a thosaigh sé a Charlie.

CATHAL: *Jeus* cha mbeadh barúil, anois.

DÓNALL: Cha raibh scaifte mór, b'fhéidir a raibh.

CATHAL: A bhí, ó bhí scaifte maith ann, ó bhí, bhí cuid mhór, *jeus* bheadh trí scór ná cheithre ann ar scor ar bith. Bhuel, bheadh níos mó, arú bheadh níos mó ná, caidé a bhí, bhí a dhá *shift* uirthi *do you see so o jeus* bheadh thar chéad go maith ag obair ann, cause bheadh shift, tá cuimhne agam, bhí am amháin ann, `s bheadh sí sin, sé a chlog ar maidin a thosaíodh siad go dtí a dó.

DÓNALL: Sin *shift* iontach a Charlie.

CATHAL: Sé, bhí sé luath, sé a chlog ar maidin bhall ansin d'athraigh siad ansin go dtí, tháinig a seacht a chlog ansin go dtí a trí agus ón trí go dtí a haon déag. Bhí cuid acu sin a mbeadh trí shift orthu bhfuil a fhios agat, ní raibh siad ag stad ar chor ar bith, bhí siad ag gabháil thart an chlog uilig.

DÓNALL: Sé.

CATHAL: Bhí ó bhí, ó bhí neart oibre iontu.

DÓNALL: B'iontach an rud gur thit an tóin asti mar sin i ndiaidh cúpla bliain.

CATHAL: Bhuel níl a fhios agam, caithseá gur an áit a raibh siad ag cur a gcuid snáth, níor, níor, tháinig *slump* ná rud inteacht agus tá, bhuel tá mé ag déanamh `s iomaí am a mhothóinn é go dtiocfadh am sa bhliain ar anois, ar ag déanamh snáth, go dtiocfadh am sa bhliain nach, nach bhfaighfeá díolta do chuid.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

CATHAL: Do chuid snáth agus ar réir sin, bhuel ansin nuair a thiocadh sé, ansin sa gheimhreadh fosta ba mheasa é bhall. Sé fear do na, a bhí os cionn an oibre d'inis sin domhsa am amháin.

DÓNALL: Cé a bhí os cionn `_____`.

CATHAL: A bhuel bheadh, bhí fear ann a raibh *Darcy* ina *mhanager* ann agus ansin bhí *Barry Richardson*, bhí sé ina *floor manager* ann, Páidaí Dubh agus Aoidín bhí siad sin, bhí siad sin ar a, ar an urlár fosta na *managers* ar an urlár fosta.

DÓNALL: Ba 1968 a bheadh ann sin ar na, na ba thart fá sin.

CATHAL: O bheadh sé níos moille, bheadh sé níos moille, ó sé 19, 1968 a thosaigh sí, ba sin an chéad cheann a d'oscail. Bhuel ansin a bheadh sé, tíor domhsa gur, chuaigh mise isteach inti i 69 siar thart fá Lúnasa na mar sin 69 a chuaigh mise isteach inti. Bhí mé i ndiaidh a theacht na bhaile as Albain agus chaith mé, tíor domh go, thart fá dhá bhliain go leith b'fhéidir a bhí mise inti gur druid, gur dhruid sí ansin, druid sí *but* ní raibh sí dornán, ní raibh sí an fhad sin druidte uilig go dtáinig Comer Yarns isteach ansin inti, agus rinne Comer Yarns cinnte rinne siad, *je* mhair sí tamall fada.

DÓNALL: Mhar sí.

CATHAL: Agus bhí obair mhaith ansin agus bhí cuid mhór daoine ag obair inti ach sé 'n difir a bhí ann na *machines* a *thug Comer Yarns* isteach bhí siad úr, ní raibh a dhath sa mhuintir eile ach sean rudaí, bhí cuid acu sin go aosta le, chonaic mise mé

féin agus tchífá bhfuil a fhios agat an bhliain orthu, bhí cuid acu sin 1932 `s 34 `s ar réir sin, bhí siad ró-aosta.

DÓNALL: Bhí an obair déanta acu.

CATHAL: Bhí an obair déanta acu agus ansin bhí siad, nuair atá, nuair atá siad aosta, tá siad deacair a choinneáil ag dul.

DÓNALL: Tá sin fíor, rud a bheadh siad ag cosnadh níos mó. D'tabharfá barúil domh don pháighe a bhí agat ar tús a Charlie.

CATHAL: Bhuel a ceann a bhí inti sin anois a phunta déag a fuair mise, a bhí, bhí mise a fháil nuair a chuaigh mé isteach inti an chéad uair. Anois leis an fhírinne a inse duit bhí sin beag, *cause* bhí difir mór idir sin agus an rud a bhí ag gabháil ann in Albain nuair a, an tam sin bhí mise i ndiaidh fágail thall samhradh, is tháinig mise anall an samhradh sin. Tá cuimhne agam *jesus* i ndiaidh coicís, bhí coisís déanta agat nuair a fuair tú do pháighe. Bíodh a fhios agatsa (gáire) gur bhain sé an anáil domh.

DÓNALL: (gáire). Bhí sin damanta íseal nach raibh.

CATHAL: Bhuel bhí mise, bhí mise ag déanamh, bhí mise ag déanamh ceithre scór an tam sin, ag teacht amach le ceithre scór in Albain glan, *clearáilte* bhfuil a fhios agat i ndiaidh *tax* agus rudaí.

DÓNALL: Bhí, bhí.

CATHAL: *So* bhí difir.

DÓNALL: Sin sna *tunnels* a Charlie.

CATHAL: Se bhuel rudaí, *hiddens* a bheadh ann sin, níos, rudaí níos lú agus rachadh siad sin fríd Glascú, bhí siad.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

CATHAL: A bhí páighe mhaith ansin `s bhí, bhí *conditions* níos fearr achan uile dhóigh ann.

DÓNALL: Bhuel creidim ag an am chéanna nuair a tháinig tú na bhaile ní bheadh oiread costas ort sa bhaile, creidim go raibh sé go measara *job* a fháil sa bhaile.

CATHAL: Ó bhí cinnte, cause, bhall bhí mé i ndiaidh teach a thógáil agus bhí an bhean `s teaghlach anseo so ba mhaith leat tús a bhaint as a, nuair a bhí teach úr tógtha agat.

DÓNALL: Sé, sé.

CATHAL: Rud inteacht a fháil amach as *so* sin, creidim gur sin an rud *so* d'fhán mé liom ansin leis an fhírinne a inse duit, leora `s iomaí am a bheadh muid fed up ann, *cause* bheithfeá smaoineamh ar an rud a bhí thall, ar a pháighe a dhéanfá thall go ndéanfá oiread ann.

DÓNALL: Ann lá (gáire).

CATHAL: Bhuel dhéanadh, dhéanfá ann seachtain anseo. So sin a, sin a, bhí an difir sin ann.

DÓNALL: O bhí an difir sin ann. Bhuel a Charlie thug tú trean scéaltaí domh anois agus gan plean millteanach ar bith déanta againn ná bhí mé, bhí mé fá choinne a dhul go, go Gort a Choirce, ach is cuma. B'fhéidir go gceolfá cúpla amhrán domh anois nuair a tharraingeoidh tú, b'fhéidir go bhfuil tú fá choinne toit a chaitheamh ar tús an bhfuil.

CATHAL: (gáire)

DÓNALL: (gáire) cuirfidh mé as anois é.

CATHAL: Ceolfaidh mé amhrán Gaeilge an chéad uair.

DÓNALL: Sé, stroic leat.

CATHAL: Rinne mé smaoineamh m'intinn
Agus lean mé do go cinnte,
Go n'éalóinn uaidh mo mhuintir
Anonn an oiléan úr.
Tá mé ag iarraidh impí,
Ar an ard mhac atá ós mo cheann,
Le mo shábháil ar a gabháilt
Go gcríochnaigh mé mo shiúil.

Shiúil mé fiche míle
'S níor casadh orm daoine
Bó ná capall caorach
Chuireadh innillt ar an fhéar
Ach coillte 's moillte 's gleanntáin
Agus burach beithígh áilte
Fir agus mná gan tínt orthu
A chasainn fá má mhéar.

Chasadh isteach i dteach mé
'S ní tharlaigh orm daoine
Dhiabhraigh siadsan domhsa
Cén tír ar tógadh mé.
Labhair mé leofa Gaeilge

Agus dúirt mé gur in Éirinn
Thart siar fá bhruabhlach Éireann
I mbaile chois a' chuain.

Bíonn an tseanbhean ins sa chlódaigh
Agus stocaigh ar a glúine,
Níor éist sí go lucháir
Agus croith sí liom a lámh.
Sé beatha fear mo thíre
Nach n'aithin tú do dhaoine,
Nár gur tógadh mise in Éirinn
I mbaile le do thaobh.

Rinne mé smaoineamh m'intinn
Ar ais arís go cinnte,
Gur trua gan mise in Éirinn
Ó sínte faoi chlár.
Is ann a gheobhainn mná mo chaointe
t-aos óg a bheith go haoibhiúil
A chaitheadh liomsa an oíche úd
Agus páirt mhaith don lá.

DÓNALL: Maith thú a Charlie, *fair play* duit. Ceol ceann eile anois a chailleach mar a fear maith ann.

CATHAL: *My feet are here on Broadway
This blessed harvest morn,
But oh! the ache that's in them
And the spot where I was born.
My weary hands are blistered
From a work in cold and heat.
But oh! to swing a scythe would I*

*Through fields of Irish whin.
Had I the chance to wander back,
Or own a king's abode.
The soon I see the hawthorn tree
And the Old Bog Road.*

*My mother died last springtime,
When Erin's fields were green.
The neighbours said her waking
Was the finest ever seen.
There was snowdrops and primroses
Piled high above her bed,
And the Ferns Church was crowded
When her funeral mass was read.
But here was I on Broadway
A building bricks per load.
When they carried out her coffin
Down the Old Bog Road.*

*There was a decent girl at home
Who used to walk with me.
Her eyes were soft and sorrowful
Like sunbeams o'er the sea.
Her name was Mary Dwyer,
But that was long ago.
The ways of God are wiser
Than the things a man a may know.
She died the year I left her,
A building bricks per load
I'd best forget the times we met
On the Old Bog Road.*

*Ah minds a weary puzzle,
Past finding out by man,
I'll take the day for what its worth
And I do the best I can.
Each human heart must bear its grief
Though little be its lone
So God be with you Ireland,
And the Old Bog Road.*

DÓNALL: A galánta Charlie, bulaidh fir is agat atá an ceol.